Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14549/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0453 (COD)**

**CODEC 1641
ENV 1108
COMPET 1067
MI 825
ENT 238
IND 457
FOOD 96
SAN 673
RECH 467**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha lena áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais le haghaidh ceimiceán **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 7 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 20 Márta 2024[2].

3. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a thuairim uaidh an 29 Eanáir 2024[3].

1 16961/23 + ADD 1-2.
2 IO C, C/2024/3381, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3381/oj.
3 Nasc chuig an tuairim ó MECS.

4. An 21 Deireadh Fómhair 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an gcéad léamh[4]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 24/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 14187/25.